



Iarratas ar Aighneachtaí

Comhairliúchán ar Ráiteas Straitéise 2022-24 de chuid Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas

An Réamhrá

Iarrann Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas (IHREC/an Coimisiún) ort cur leis an bpróiseas comhairliúcháin dá Ráiteas Straitéise nua, le haghaidh 2022–2024, trí aighneacht i scríbhinn nó ar fhíseán a chur isteach.

Leagtar amach san Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014, ról an Choimisiúin maidir le cearta an duine, an comhionannas agus an tuiscint idirchultúrtha a chosaint agus a chur chun cinn in Éirinn.

An tAcht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014

Faoin Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014 (an tAcht), is iad feidhmeanna foriomlána an Choimisiúin:

- (a) Cearta an duine agus an comhionannas a chosaint agus a chur chun cinn;
- (b) Forbairt cultúir ina bhfuil meas ar chearta an duine, ar an gcomhionannas agus ar thuiscint idirchultúrtha a spreagadh sa Stát;
- (c) Tuiscint agus feasacht ar thábhacht chearta an duine agus an chomhionannais a chur chun cinn sa Stát;
- (d) Dea-chleachtas a spreagadh sa chaidreamh idirchultúrtha, caoinfhulaingt agus glacadh leis an éagsúlacht sa Stát agus meas ar shaoirse agus ar dhínit gach duine a chur chun cinn; agus
- (e) Oibriú chun drochbhearta maidir le cearta an duine, le hidirdhealú agus le hiompar toirmisceithe a dhíchur.

Leagtar amach *Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine* in Alt 42 den Acht, dualgas lena leagtar oibleagáid reachtúil ar chomhlachtaí poiblí idirdhealú a dhíchur, comhionannas deiseanna a chur chun cinn, agus cearta an duine a chosaint, dóibh siúd a gcuireann sé seirbhísí ar fáil dóibh, agus don fhoireann i mbun a n-oibre go laethúil. Tugann an Coimisiún treoir do chomhlachtaí poiblí le beartais agus dea-chleachtas a fhorbairt i leith chearta an duine agus comhionannais.¹

¹ <https://www.ihrec.ie/ga/our-work/public-sector-duty>

Soláthróidh an tAcht an creat don chéad Ráiteas Straitéise eile a bheidh ag an gCoimisiún, don tréimhse 2022–24.

Comhairliúchán le Daoine Aonair agus Páirtithe Leasmhara

Tá an Coimisiún ag lorg aighneachtaí ó dhaoine a bhfuil cearta acu agus ó ghrúpaí a oibríonn chun idirdhealú a dhíchur, agus cearta an duine agus an comhionannas a chur chun cinn agus a chosaint. Tabharfaidh an méid a roinneann tú léargas ar na ceisteanna a chreideann tú gur cheart a chur san áireamh nuair atá an Coimisiún ag forbairt a thosaíochtaí straitéiseacha do na chéad trí bliana eile.

Sonraí na haighneachta

Is féidir aighneacht i scríbhinn a chur isteach leis an leagan amach thíos, nó físeán trí nóiméad a chur isteach bunaithe ar cheisteanna na haighneachta. Tá níos mó sonraí faoi aighneacht a dhéanamh ar fhíseán ar fáil anseo [line to guidance on our website].

Is é an dáta deiridh d'aighneachtaí an **6 Lúnasa 2021**.

Leagan amach

Tá trí chuid sa cháipéis aighneachta seo:

- An comhthéacs go ceann trí bliana
- Feidhmíocht Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas
- Athrú a bhaint amach

Cuid 1: Cúlra

Más duine aonair thú, cén grúpa/cé na grúpaí a bhfuil bá agat leo (féinionnanú) nó ar mhaith leat aird a tharraingt orthu anseo?

Más ionadaí ar ghrúpa nó ar eagraíocht thú, cé acu de na grúpaí seo a leanas a mbaineann an obair um chearta an duine agus comhionannas a dhéanann d'eagraíocht leo?

Roghnaigh ceann amháin nó níos mó:

- Aois
- Míchumas
- Stádas sibhialta
- Stádas teaghlaigh (lena n-áirítear tuismitheoirí aonair agus cúramóirí)
- Inscne (lena n-áirítear daoine trasinscneacha nó daoine atá ag aistriú go hinscne eile)
- Cine
- Reiligiún
- Gnéaschlaonadh
- Duine den Lucht Siúil
- Cúnamh Tithíochta
- Daoine atá i mbaol bochtaineachta agus eisiaimh shóisialta
- Eile (sonraigh le do thoil) _____

Cén t-ainm atá ar do ghrúpa nó eagraíocht? (Roghnach, ach cabhraíonn sé má thugann tú an t-ainm)

Cuid 2: Comhthéacs d'obair an Choimisiúin go ceann trí bliana?

Ba mhaith linn tuiscint a fháil ar do thaithí toisc go mbunófar an comhthéacs ina n-oibreoidh Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas as seo go ceann trí bliana ar an eolas sin.

Céard atá ag dul go maith duitse (agus do do phobal/do ghrúpa)? 200 focal ar a mhéad

Cé na dúshláin agus na bacainní a bhíonn os do chomhair (os comhair do phobail/do ghrúpa), dúshláin thrasnacha ina measc? Iarrtar ort a bheith sonrach. 300 focal ar a mhéad

Céard a theastaíonn uaitse (agus ó do phobal/do ghrúpa) le go mbeidh rath ort (oraibh) – chun go cosnófar cearta an duine agus comhionannas de do chuid (de bhur gcuid)? 200 focal ar a mhéad

Cuid 2: Feidhmíocht Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas

Ba mhaith linn tuiscint a fháil ar an dearcadh atá agat faoi fheidhmíocht Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas le trí bliana anuas.

Ráiteas Straitéise 2019–2022 – Tosaíochtaí

1. Cearta na ndaoine aonair a bhfuil na constaicí is mó ina mbealach chun ceartas a bhaint amach a chosaint;
2. Tionchar a imirt ar reachtaíocht, beartas agus cleachtas
3. Plé leis na príomheagraíochtaí chun aghaidh a thabhairt ar idirdhealú agus sárú ar chearta an duine; agus

4. Caighdeán an idirphlé ar cheisteanna chearta an duine agus comhionannais a ardú agus raon an idirphlé sin a fhairsingiú.

Tosaíochtaí Téamacha a bhaineann leis na Tosaíochtaí Straitéiseacha freisin:

1. Teacht ar cheartas a chur chun cinn;
2. Cearta sóisialta agus eacnamaíocha a chur chun cinn;
3. Ciníochas a shárú agus tuiscint idirchultúrtha a chur chun cinn; agus
4. Cearta daoine atá faoi mhíchumas a chur chun cinn

Céard iad do dheartháí faoi na ceisteanna ar thugamar aghaidh orthu agus faoinár dtionchar le trí bliana anuas? An raibh bearnaí ann? Más féidir, pléigh gné shonrach dár gcuid oibre – .i. ár n-obair dhlíthiúil; taighde; aighneachtaí reachtacha agus beartais; tuairisciú idirnáisiúnta; rannpháirtíocht leis an tsochaí shibhialta, an clár deontas, feachtais feasachta poiblí; cumarsáid phoiblí; cur chun cinn Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine; srl. **400 focal ar a mhéad**

Cuid 3: Athrú a Bhaint Amach

Ba mhaith tuiscint a fháil ar an gcaoi a bhféadfaimis oibriú go héifeachtach chun ár sainordú a chomhlíonadh agus athrú a bhaint amach.

Cé na ceisteanna ba cheart do IHREC aghaidh a thabhairt orthu go fóill agus tógáil orthu inár Ráiteas Straitéise nua le haghaidh 2022–24 agus clár oibre mar thosaíocht? 300 focal ar a mhéad

Cé na ceisteanna atá ag teacht chun cinn nó na ceisteanna eile ba cheart do IHREC tosú ag tabhairt aghaidh orthu agus tógáil orthu inár Ráiteas Straitéise nua le haghaidh 2022–24 agus clár oibre mar thosaíocht? 300 focal ar a mhéad

Cén chaoi is fearr a bhféadfaidh IHREC oibriú i gcomhar le forbairt bhreise na sochaí sibhialta, agus tacú leis an bhforbairt sin, mar phríomhghníomhaithe chun aghaidh a thabhairt ar idirdhealú agus sárúithe ar chearta an duine? 200 focal ar a mhéad

Cén tionchar ba mhaith leat a fheiceáil ó IHREC faoi 2024? 200 focal ar a mhéad

Go raibh maith agat as an aighneacht seo a dhéanamh!